Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Deireadh Fómhair 2024 (OR. en)**

**14191/24**

**ACP 104**
**PTOM 16**
**GROENLAND 2**
**FIN 866**
**RELEX 1222**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 4 Deireadh Fómhair 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 437 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>Tuarascáil ar chur chun feidhme an chúnaimh airgeadais a chuirtear ar fáil do na<br>Tíortha agus na Críocha Thar Lear faoin<br>gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear<br>an Ghraonlainn, agus<br>faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta in 2023 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 437 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 437 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2024
COM(2024) 437 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme an chúnaimh airgeadais a chuirtear ar fáil do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta in 2023**

**Tuarascáil ar chur chun feidhme an chúnaimh airgeadais a chuirtear ar fáil do na Tíortha agus na Críocha Thar Lear faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn, agus faoin 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta in 2023**

## Réamhrá

Léiríonn an bhliain 2023 an tríú bliain de chur chun feidhme na tréimhse 7 mbliana sa chaidreamh idir an tAontas Eorpach agus na 13 Thír agus Chríoch Thar Lear, i ndiaidh Chinneadh 2021 maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn[1].

Tá an chomhpháirtíocht idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach bunaithe ar Chuid IV den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus ar an gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, arna ghlacadh de bhun Airteagal 203 CFAE. I gcomhréir le hAirteagal 1 den Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, is é cuspóir an Chinnidh tacú le forbairt inbhuanaithe na dtíortha agus na gcríoch thar lear agus luachanna an Aontais a chur chun cinn sa domhan mór.

Cumasctar sa Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn, dhá ionstraim roimhe seo – an chéad Chinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear[2] a fuair tacaíocht ón gCiste Eorpach Forbraíochta, agus an Cinneadh breise maidir leis an nGraonlainn[3] arna chistiú ó bhuiséad an Aontais Eorpaigh, in aon ionstraim amháin leis an bhfoinse maoinithe céanna – buiséad an Aontais Eorpaigh – agus tá feidhm aige maidir leis na tíortha agus críocha uile thar lear anois.

Leis an gCinneadh nua, leagtar síos an bonn do chlársceidealú a dhéanamh ar chomhar 2021-2027 le tíortha agus críocha thar lear, rud atá bunaithe ar dhomhainphlé polaitiúil agus beartais. Leithdháiltear EUR 500 milliún maidir leis an gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn don tréimhse sin.

Agus aghaidh á tabhairt ar riachtanais agus dúshláin shonracha na dtíortha agus na gcríoch thar lear, díreofar leis an gcomhar sa tréimhse 2021-2027 ar ghníomhaíochtaí leasa choitinn do thíortha agus críocha thar lear agus don Aontas Eorpach. Bunaithe ar na Cláir Ilbhliantúla Tháscacha (MIPanna), is iad na réimsí tosaíochta le haghaidh comhair go sonrach faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, an comhaontú glas, digitiú, poist agus fás, agus forbairt dhaonna. Faoi dheireadh 2023, glacadh gach ceann de na 16 MIP – 12 MIP chríochacha móide MIP réigiúnach do Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince[4], dhá MIP réigiúnacha do réigiúin Mhuir Chairib agus an Aigéin Chiúin agus MIP Idir-réigiúnach amháin – as a raibh dhá cheann in 2023 (Oileáin Wallis agus Futuna agus MIP Idir-réigiúnach).[5]

---

[1] Cinneadh 2021/1764 ón gComhairle an 5 Deireadh Fómhair 2021 maidir le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear leis an Aontas Eorpach lena n- áirítear caidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile (an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn).

[2] Cinneadh 2013/755/AE ón gComhairle maidir le comhlachas na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an Aontas Eorpach.

[3] Cinneadh 2014/137/AE ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus an Ghraonlainn agus Ríocht na Danmhairge, den pháirt eile.

[4] Terres australes et antarctiques françaises/Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince.

[5] Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi thíortha agus críocha thar lear agus MIPanna a glacadh, féach: Tíortha agus Críocha Thar Lear – An Coimisiún Eorpach (europa.eu).

Le linn 2023, leanadh de roinnt gníomhaíochtaí a maoiníodh ón 11ú Ciste Eorpach Forbraíochta faoin gCinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear[6] roimhe seo a chur chun feidhme.

**Dá dheasca sin, cumhdaítear sa tuarascáil seo gníomhaíochtaí agus tacaíocht a cuireadh ar fáil faoin dá Chinneadh araon in 2023:**

- I **gCuid I** den tuarascáil seo cuirtear i dtábhacht an dul chun cinn a baineadh amach faoin gcéad Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear agus faoin 11ú CEF in 2023.
- I **gCuid II** tá dul chun cinn i gcur chun feidhme an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-  áirítear an Ghraonlainn, i gcomhréir le hAirteagal 86 ann.
- I **gCuid III**, cuirtear i dtábhacht an dul chun cinn a baineadh amach in idirphlé idir an tAontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear in 2023.
- I **gCuid IV,** tugtar forléargas ar na chéad chéimeanna eile le haghaidh 2024 agus ina dhiaidh sin.
- Áirítear san **Iarscríbhinn** mionsonraí ar an gcúnamh airgeadais a cuireadh ar fáil do na tíortha agus críocha thar lear in 2023.

## I. COMHAR FAOIN 11ú CEF le haghaidh tíortha agus críocha thar lear in 2023

**<u>Acmhainní Airgeadais faoin 11ú CEF le haghaidh tíortha agus críocha thar lear (an chéad Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear)</u>**

Rinneadh acmhainní an 11ú CEF atá ar fáil do thíortha agus críocha thar lear sa tréimhse 2014-2020 a leithdháileadh mar a leanas i gcomhréir le hIarscríbhinn 2 a ghabhann leis an gcéad Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear:

- EUR 229.5 milliún le haghaidh comhar críochach (dhéthaobhach);
- EUR 100 milliún le haghaidh comhar réigiúnach agus le haghaidh comhair idir 'na tíortha agus críocha uile thar lear';
- EUR 21.5 milliún chun cúnamh daonnúil agus éigeandála a mhaoiniú;
- EUR 5 mhilliún chun fóirdheontais úis agus cúnamh teicniúil a bhaineann le Saoráid Infheistíochta na dtíortha agus na gcríoch thar lear a mhaoiniú;
- EUR 8.5 milliún i gcomhair staidéar agus cúnamh teicniúil.

Faoin 11ú CEF, bhí 16 thír agus chríoch thar lear incháilithe le haghaidh leithdháileadh críochach. Chomh maith le trí chlár réigiúnacha, cothaíonn clár téamach na dtíortha agus na gcríoch uile thar lear (Green Overseas, ar siúl faoi láthair) amháin comhar idir na tíortha agus críocha thar lear.

Tíortha agus críocha thar lear de chuid na Ríochta Aontaithe de chuid na Ríochta Aontaithe a bhí ann roimhe, tá siad incháilithe fós le haghaidh cistí CEF agus bainfidh siad tairbhe astu go dtí go ndúnfar na cláir ábhartha atá ar siúl faoi láthair.

**<u>An staid in 2023</u>**

[6] Féach fonóta 3.

a) **Comhar críochach**

Le cláir chríochacha Arúba agus Bonaire, leanadh dá leithdháiltí a chur chun feidhme in 2023, agus bhí an comhar le Sint Maarten agus Cúrasó fós ag céim an-luath.

- **Réigiún Mhuir Chairib:**

Lean **Arúba** le cur i bhfeidhm a chláir maidir le hardoideachas (EUR 12.29 milliún eisíoctha go dtí deireadh 2023) le cur i bhfeidhm churaclam Eolaíochta, Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Matamaitice (ETIM) na hOllscoile agus críochnú na hoibre bonneagair chun an dámh agus na saotharlanna nua a chur ar bun go fisiciúil, rud a thionscnófar in 2024.

In **Bonaire,** cuireadh an clár tacaíochta buiséadaí maidir leis an óige chun cinn (eisíocadh EUR 2.21 milliún suas go dtí 2023) agus meastar go dtiocfaidh deireadh leis in 2024.

Lean **Sint Maarten** den obair in 2023 ar shainchomhaid tairisceana chun gníomhaíocht a chur chun feidhme in earnáil an uisce agus na sláintíochta, a rinneadh le tacaíocht ó chúnamh teicniúil, chun comhar trasteorann a fhorbairt lena chomharsa Saint-Martin (Réigiún is Forimeallaí de chuid an Aontais). Bhain Sint Maarten tairbhe freisin as an bhfothú athléimneachta agus as an bhfreagairt i gcás tubaistí faoi imchlúdach éigeandála an 11ú CEF (EUR 4.87 milliún a íocadh suas go dtí 2023), chun dídean éigeandála amháin a thógáil.

In **Cúrasó**, rinneadh tuilleadh oibre ullmhúcháin freisin ar an sainchomhad tairisceana tar éis an Comhaontú Maoiniúcháin a thabhairt chun críche go déanach in 2021 sa chlár chun athléimneacht an oileáin a fheabhsú. Tá coinne leis go síneofar an chéad chonradh in 2024.

b) **Comhar réigiúnach**

- **An tAigéan Ciúin**

San Aigéan Ciúin, dírítear leis an gclár um chomhar réigiúnach PROTEGE (Tionscadal Réigiúnach Chríocha an Aigéin Chiúin maidir le Bainistíocht Éiceachórais Inbhuanaithe, EUR 36 mhilliún) ar an gcomhrac in aghaidh an athraithe aeráide agus dhíghrádú an éiceachórais. Faoi PROTEGE, tá cuspóirí an- phraiticiúil ag torthaí sonracha an chláir sin, lena n- áirítear dea- chleachtais talmhaíochta agus iascaigh a chomhroinnt i measc thíortha agus chríocha thar lear an Aigéin Chiúin. Cuireadh síneadh leis an gComhaontú Maoiniúcháin go dtí mí Dheireadh Fómhair 2024 chun go mbeadh tuilleadh ama ann chun gníomhaíochtaí a chur chun feidhme.

- **Muir Chairib**

Sa Mhuir Chairib, dírítear le Clár 'RESEMBID' (Athléimneacht, Fuinneamh Inbhuanaithe agus Bithéagsúlacht na Mara, EUR 42.67 milliún agus a ndírítear EUR 2.67 milliún de sin ó imchlúdach B mar thacaíocht COVID-19) ar fhorbairt athléimneachta, fuinneamh inbhuanaithe agus bithéagsúlacht mhuirí. Cé go dtacaíonn gníomhaíochtaí críochacha go háitiúil le beartais phoiblí inbhuanaithe sna réimsí fócais ar leibhéal gach críche, cuireann gníomhaíochtaí réigiúnacha le tionchar foriomlán na hidirghabhála trí thaithí agus saineolas a thabhairt le chéile chomh maith le comhroinnt eolais agus piarfhoghlaim ar fud na gcríoch. In 2023, leanadh den chur chun feidhme ar luas brostaithe, trí 47 dtionscadal deontais lena gcumhdaítear na críocha tairbhíocha uile (tá 40 tionscadal á gcur chun feidhme faoi láthair agus cuireadh deireadh le seacht dtionscadal). Bhain an clár torthaí suntasacha amach freisin i réimse na hathléimneachta agus na hullmhachta i leith riosca tubaiste, go háirithe le tuarascálacha diagnóiseacha maidir le hullmhacht i dtaca le héigeandáil agus freagairt i gcás tubaistí sna tíortha agus críocha uile thar lear agus leis an gcomhpháirtíocht treisithe le

Saoráid Árachais Riosca Tubaiste Mhuir Chairib (CCRIF). Tá deireadh tagtha leis na gníomhaíochtaí uile maidir le hullmhacht i gcomhair rioscaí tubaistí. Tá EUR 23.33 milliún eisíoctha go dtí seo.

- **An tAigéan Indiach**

D'ainneoin srianta lóistíochtúla suntasacha agus tús deacair i bhfianaise chomhthéacs COVID, bhí tionscadal RECI (Athchóiriú Éiceachórais na nOileán san Aigéan Indiach, EUR 4 mhilliún) faoin 11ú CEF ar luas cúrsála feadh 2023. Gealladh cuid mhór de na cistí in 2023, mar chuid d'ullmhú agus de chur chun feidhme oibríocht díothaithe Amstardam (díothú). Is fiú roinnt gníomhaíochtaí cumarsáide a thabhairt faoi deara: pleananna cumarsáide d'oibríochtaí Tromelin agus Amstardam agus foilsiú alt, táirgeadh leabhrán agus stampa maidir le hAthchóiriú Éiceachórais na nOileán san Aigéan Indiach agus roinnt aschur físe. Síníodh leasú cheana ar an gComhaontú Maoiniúcháin i mí Iúil 2022 chun síneadh 20 mí a chur leis an tréimhse cur chun feidhme (go dtí Eanáir 2025) chun go bhféadfar na gníomhaíochtaí uile atá beartaithe a thabhairt i gcrích.

- **Clár téamach na tíortha agus na gcríoch thar lear Green Overseas**

Leis an gclár sin le buiséad EUR 17.8 milliún, a mhaoinítear ón 11ú CEF, cuimsítear tíortha agus críocha thar lear an Aontais agus Iarchríocha Briotanacha Thar Lear araon. Dírítear ann ar fhuinneamh inbhuanaithe a chur chun cinn agus ar athléimneacht fheabhsaithe i gcoinne an athraithe aeráide. In 2023, seoladh Saoráid Green Overseas atá dírithe ar an éileamh. Mar thoradh air sin, roghnaíodh 33 thionscadal aonair san iomlán le haghaidh staidéir éagsúla nó cúnamh teicniúil maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann go díreach leis an athrú aeráide. Forbraíodh suíomh gréasáin agus ardán gréasáin. D'eagraigh an tionscadal imeacht eile freisin ag COP 28 in Dubai maidir le Ról an Innéacs Leochaileachta Ilghnéithí i nGiaráil Airgeadais le haghaidh Fothú Athléimneachta. Spreag an ghníomhaíocht sin an gá atá le Fóram maidir le Maoiniú don Aeráid le haghaidh na dtíortha agus na gcríoch thar lear, a bheidh ar siúl i mí Dheireadh Fómhair 2024 sa Bhruiséil.

### c) Cúnamh teicniúil agus tacaíocht institiúdach

Arna mhaoiniú faoin 11ú Saoráid um Chomhar Teicniúil CEF, le haghaidh méid EUR 560 000, seoladh Líonra Óige na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear in 2022. Is é 3 bliana an tréimhse cur chun feidhme.

Roghnaíodh céad ghrúpa de 25 dhuine óg (idir 20-28) ó dheich dtír agus gcríoch éagsúla chun tabhairt faoi chonair foghlama bliana, d'fhonn tuilleadh a fhoghlaim faoin gcomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear agus faoi fheidhmiú na nInstitiúidí Eorpacha agus líonrú á dhéanamh le daoine óga atá ar aon intinn ó thíortha agus críocha eile thar lear.

In 2023, d'éirigh leis an gcéad chohórt a sainordú a chur i gcrích agus roghnaíodh cohórt nua de 25 dhuine óg ina raibh comhaltaí ó **gach ceann de na 13 TCLA atá comhlachaithe leis an Aontas**. Faoi chuimsiú a sainordaithe bliana, bhí an deis ag comhaltaí Líonra Óige na dtíortha agus na gcríoch thar lear Cuairt Staidéir seachtaine a thabhairt ar an mBruiséil i mí Dheireadh Fómhair 2023, freastal ar sheimineáir ghréasáin agus ar chruinnithe éagsúla ar líne, páirt a ghlacadh in imeachtaí de chuid na dtíortha agus na gcríoch thar lear agus/nó in imeachtaí a bhaineann leis an óige ar ábhair spéise, agus obair chomhpháirteach a dhéanamh ar rannchuidiú don Fhóram idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach (a tionóladh sa Bhruiséil i mí Feabhra 2024).

**d) An Banc Eorpach Infheistíochta (BEI)**

Sholáthair Saoráid Infheistíochta na dtíortha agus na gcríoch thar lear (dearlaic EUR 48.5 milliún) - arna bainistiú ag BEI faoin gcéad Chinneadh maidir le comhlachú thar lear 2013 - cistiú le haghaidh fóirdheontais ráta úis agus cúnamh teicniúil (EUR 5 mhilliún). Chomhlánaigh BEI cistiú na Saoráide lena acmhainní dílse (suas le EUR 100 milliún). Scoir an tSaoráid de bheith ann faoin gCinneadh nua maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, agus tugadh oibríochtaí i gcrích in 2020 agus 2021.

De réir an chomhaontaithe aistrithe idir an Coimisiún, an Ríocht Aontaithe agus BEI a síníodh i mí Feabhra 2023, cuirfear glan-athshreabha a eascraíonn as Saoráid Infheistíochta na dtíortha agus na gcríoch thar lear leis an gciste neamh-leithdháilte faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, mar bhreisithe bliantúla. Go dtí 2027, tá coinne le hathshreabha de thart ar EUR 35 mhilliún, as a raibh EUR 13.6 milliún faighte faoi dheireadh 2023.

Tá na tíortha agus críocha thar lear incháilithe anois chun tionscadail a mholadh don ionstraim nua InvestEU, ar bhonn iomaíoch, toisc nach bhfuil aon leithdháileadh níos tiomnaithe ann le haghaidh na dtíortha agus na gcríoch thar lear. Cuirtear tacaíocht ar fáil nuair is féidir. Mar shampla, le cabhair ón gCoimisiún, reáchtáladh misean BEI i bPolainéis na Fraince agus sa Nua-Chaladóin in 2023 chun rannpháirtíocht thíortha agus chríocha thar lear an Aigéin Chiúin a chur chun cinn.

## II. COMHAR FAOIN gCINNEADH NUA MAIDIR LE TÍORTHA AGUS CRÍOCHA THAR LEAR IN 2023

**Acmhainní Airgeadais faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn**

Roinntear an EUR 500 milliún atá ar fáil do na tíortha agus críocha thar lear le haghaidh na tréimhse 2021-2027 sna leithdháiltí seo a leanas, bunaithe ar Iarscríbhinn 1 den Chinneadh:

- EUR 164 mhilliún le haghaidh leithdháiltí críochacha (déthaobhacha) ar thíortha agus críocha thar lear seachas an Ghraonlainn;
- EUR 225 milliún le haghaidh leithdháileadh comhair chríochaigh (dhéthaobhaigh) ar an nGraonlainn;
- EUR 76 mhilliún do chomhar réigiúnach, a bhfuil EUR 15 mhilliún de ann do chomhar idir tíortha agus críocha thar lear laistigh den réigiún lena gcomharsana nach tíortha agus críocha thar lear iad;
- EUR 22 mhilliún le haghaidh staidéar agus beart um chúnamh teicniúil;
- EUR 13 mhilliún i gciste neamh- leithdháilte le haghaidh imthosca gan choinne, dúshláin atá ag teacht chun cinn agus tosaíochtaí agus tionscnaimh idirnáisiúnta nua.

Cuirfear athshreabha ó Shaoráid Infheistíochta na dtíortha agus na gcríoch thar lear atá in éag anois, de réir mar a thagann siad isteach, leis an gciste neamh- leithdháilte.

**Tá 12 cheann (as 13 cinn) de na tíortha agus críocha thar lear incháilithe do leithdháileadh déthaobhach faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn**, a shainítear de réir na gcritéar a bhunaítear leis an gCinneadh. Meastar Críocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince, arb iad an t-aon tír agus

chríoch thar lear neamháitrithe iad, a bheith ina réigiún chun críche incháilitheachta maidir le maoiniú, de réir Airteagal 84(1) faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn, agus ar an gcaoi sin baineann siad tairbhe as clár réigiúnach tiomnaithe in ionad leithdháileadh déthaobhach.

Féachtar leis na **trí chlár réigiúnacha** don Mhuir Chairib, don Aigéan Ciúin agus don Aigéan Indiach, faoi seach, le comhar a chothú i measc thíortha agus críocha thar lear an réigiúin chéanna lena mbaineann dúshláin agus tosaíochtaí comhchosúla. Tacaíonn gníomhaíochtaí a mhaoinítear faoi na leithdháiltí réigiúnacha le forbairt agus le cur chun feidhme clár réigiúnach agus tionscadal cuimsitheach a thugann aghaidh ar na dúshláin sin. Úrnuacht mhór den Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, is ea **an t-imchlúdach idir-réigiúnach,** lena gcuirtear cistí i leataobh chun comhar a spreagadh idir na tíortha agus críocha thar lear agus a stáit chomharsanachta san Afraic, i Muir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) agus/nó tríú tíortha eile, chomh maith leis na Réigiúin is Forimeallaí san Aontas.

**<u>An staid in 2023</u>**

### a) Comhar críochach

In 2023, tháinig deireadh le clársceidealú na leithdháiltí críochacha do thíortha agus críocha thar lear. Anois tá **gach Clár Ilbhliantúil Táscach (MIPanna) críochach** i bhfeidhm agus glacadh MIP deireanach Oileáin Wallis agus Futúna in 2023, lena gcothaítear forbairt shocheacnamaíoch agus béim á leagan ar thurasóireacht inbhuanaithe (EUR 20.4 milliún).

Cuireadh dlús láidir le **cur chun feidhme** leithdháiltí comhair 2021-2027 in 2023, le trí Phlean Gníomhaíochta Ilbhliantúla (Digitiú tríd an Treochlár Ríomhrialtais le haghaidh Arúba - EUR 14.2 milliún, Oideachas don Ghraonlainn le haghaidh na mblianta 2024 agus 2025 - EUR 71.25 milliún, agus Bearta Tacaíochta le haghaidh 2023 agus 2024 - EUR 3.4 milliún), chomh maith le dhá Phlean Gníomhaíochta Bhliantúla (Uisce agus Sláintíocht le haghaidh Bonaire - EUR 4.6 milliún, Fás Glas don Ghraonlainn - EUR 22.5 milliún) a formheasadh roimh dheireadh 2023. Tá réimsí tosaíochta na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir go hiomlán le tosaíochtaí an Chomhaontaithe Ghlais, agus leis na cláir oibre maidir leis an Aois Dhigiteach agus Poist agus Fás. Le glacadh na ngníomhaíochtaí sin, tá 42 % d’imchlúdach iomlán an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n- áirítear an Ghraonlainn, de EUR 500 milliún sroichte cheana féin ag na gealltanais ó 2021-2023 le chéile. Tá sé le tabhairt faoi deara go léirítear ábhair a bhaineann leis an gComhaontú Glas in 14 cinn de na 16 MIP a glacadh. Ciallaíonn sé sin go n-úsáidfear thart ar 47 % d’acmhainní foriomlána an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, le haghaidh comhar a bhaineann leis an gComhaontú Glas (e.g. i bhfuinneamh in-athnuaite, bithéagsúlacht, laghdú rioscaí tubaiste, talmhaíocht inbhuanaithe, bainistiú fuíolluisce agus fás glas).

**I gcás thíortha agus chríocha thar lear Mhuir Chairib, síníodh trí Chomhaontú Maoiniúcháin in 2023,** i gcás Saba, maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe agus In-athnuaite (EUR 4.1 milliún), i gcás Sint-Eustatius maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe (EUR 2.9 milliún) agus i gcás Saint-Barthélemy maidir le Bainistiú Riosca Tubaistí (EUR 2.5 milliún). I gcás Saba agus Saint-Barthélemy, rinneadh na chéad eisíocaíochtaí de EUR 2.5 milliún agus de EUR 0.25 milliún faoi seach in 2023.

**Maidir le tíortha agus críocha thar lear an Aigéin Chiúin, síníodh dhá Chomhaontú Maoiniúcháin in 2023, i gcás** Pholainéis na Fraince, maidir le Bainistiú Inbhuanaithe Uisce (EUR 31.1 milliún) agus, i gcás na Nua-Chaladóine, maidir leis an Aistriú Fuinnimh

(EUR 30.9 milliún). Aistríodh an chéad eisíocaíocht de EUR 6 mhilliún in 2023 chuig Polainéis na Fraince.

Tá **Saint-Pierre et Miquelon** ag bogadh ar aghaidh ar luas cúrsála le cur i bhfeidhm a chláir tacaíochta buiséid maidir le turasóireacht inbhuanaithe. In 2023 glacadh bearta nach beag i bhfabhar na forbartha inbhuanaithe, amhail clársceidealú fuinnimh ilbhliantúil, cur chun cinn na turasóireachta inbhuanaithe, agus tacaíocht d'fhuinneamh in-athnuaite. Maidir le héagsúlú eacnamaíoch, cuireadh tionscnaimh amhail Sonraí Oscailte, seoladh ardáin sluachistiúcháin, agus straitéis tharraingteach don fhiontraíocht chun feidhme. Ina theannta sin, rinneadh iarrachtaí an cuimsiú a chur chun cinn, trí chláir thacaíochta, oiliúint agus tionscnaimh chun feabhas a chur ar infhostaitheacht daoine óga agus daoine faoi mhíchumas. Le tacaíocht bhuiséadach an Aontais, bhíothas in ann oiliúint a chur ar 421 dhuine óg (as 807 nduine i measc na 5,974 chónaitheoir). Rinneadh eisíocaíocht tosaigh de EUR 7 milliún in 2023.

Sa **Ghraonlainn**, tháinig deireadh leis an mbuiséad maidir leis an oideachas, a glacadh in 2021, le heisíocaíocht deiridh de EUR 27.8 milliún san iomlán, agus EUR 5.3 milliún de sin le haghaidh na tráinse athraithí. Rinneadh dul chun cinn sa chlár sin, i measc saincheisteanna eile, maidir le réitigh TF a úsáid mar fhreagairt ar an nganntanas múinteoirí, comhordú earnála níos fearr, agus scileanna nuálacha a chothú.

Dírítear sa chlár oideachais nua do 2023-2024 ar athsciliú agus uas-sciliú, curaclaim fheabhsaithe don oideachas gairme, agus folláine mac léinn, bunaithe ar Straitéis nua Oideachais na Graonlainne. Cuireadh tús leis an gcur chun feidhme sa chéad leath de 2024.

Glacadh an ghníomhaíocht sa réimse tosaíochta nua maidir le Fás Glas in 2023, le méid EUR 22.5 milliún. Cothóidh sé comhar maidir le fuinneamh inbhuanaithe, amhábhair, an comhshaol agus taighde. I gcomhréir le straitéis Global Gateway an Aontais, meastar go gcruthófar bonn níos láidre don Aontas sa Ghraonlainn chun dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an aistriú glas, e.g., i bPríomhréimse na nAmhábhar Criticiúil – i gcomhréir le Meabhrán Tuisceana maidir le Slabhraí Luacha Amhábhar Inbhuanaithe a síníodh i mí na Samhna 2023.

Le linn 2023, leanadh leis na hullmhúcháin d'oscailt Oifig an Choimisiúin Eorpaigh in Nuuk agus tionscnaíodh an Oifig go hoifigiúil an 15 Márta 2024. Éascóidh an Oifig sin bainistíocht na tacaíochta suntasaí ón Aontas don Ghraonlainn (EUR 225 mhilliún faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn) agus cuideoidh sí lenár gcomhpháirtíocht a dhoimhniú, lena n- áirítear trí idirphlé beartais agus trí chomhar i réimsí leasa atá ann cheana agus i réimsí nua, i ndlúthchomhar le Toscaire Speisialta an Aontais Eorpaigh um Chúrsaí Artacha. Thairis sin, cuirfidh an Oifig faisnéis ar fáil agus cuirfidh sí infheistíocht phríobháideach agus phoiblí an Aontais chun cinn sa Ghraonlainn i gcomhar le seirbhísí ábhartha an Choimisiúin agus le comhpháirtithe eile, lena n-áirítear an Banc Eorpach Infheistíochta, i bhfianaise ionstraimí airgeadais an Aontais is infheidhme agus chun tacú le cur chun feidhme thosaíochtaí Global Gateway.

### b) Comhar réigiúnach

Tá MIPanna réigiúnacha uile i bhfeidhm anois freisin, le glacadh MIP idir-réigiúnach a bhí fágtha in 2023[7]. Glacadh MIP Réigiúnach Mhuir Chairib, lena ndírítear ar bhainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, cheana féin in 2022 agus, in 2023, seoladh misean foirmlithe chun an ghníomhaíocht a dhearadh. Leanadh leis an obair ar ullmhú na gníomhaíochta cur chun feidhme do MIP Réigiúnach Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince in 2023 d'fhonn é a ghlacadh in 2024. Díreoidh sé ar bhithéagsúlacht

[7] Glacadh na MIPanna do Reigiún an Aigéin Chiúin (córais bhia ghlasa agus ghorma) agus do Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince (bithéagsúlacht) cheana féin in 2021.

agus feidhmeanna éiceolaíocha timpeallachtaí muirí Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince agus an Aigéin Indiaigh san Iardheisceart a chaomhnú. Leanadh de ghníomhaíochtaí MIP Reigiúnach an Aigéin Chiúin a fhoirmliú in 2023.

Ina theannta sin, chun feabhas a chur ar chomhtháthú réigiúnach tíortha agus críoch thar lear ina réigiúin faoi seach agus chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda, amhail an t-athrú aeráide, cailliúint na bithéagsúlachta, agus neamhshlándáil an tsoláthair bia, chomh maith le forbairt inbhuanaithe a shaothrú le nascacht fheabhsaithe, cuireann an Cinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, acmhainní tiomnaithe i leataobh don chomhar idir-réigiúnach. Foráiltear d'imchlúdach EUR 15 mhilliún chun na críche sin, agus glacadh MIP comhfhreagrach i mí na Samhna 2023. Cuireadh tús le malartuithe le tíortha agus críocha thar lear i ngach réigiún maidir le clársceidealú na n-acmhainní sin sa ráithe dheireanach den bhliain.

### c) Cúnamh teicniúil agus tacaíocht institiúideach

Le linn na bliana 2023 baineadh leas leanúnach as cúnamh teicniúil, go háirithe chun tacú le húdaráis tíortha agus críoch thar lear i bpróiseas foirmlithe gníomhaíochtaí nua do Bonaire, Aruba, do Chríocha an Deiscirt agus an Antartaigh de chuid na Fraince, d'Oileáin Wallis agus Futúna, don Ghraonlainn agus do chlár reigiúnach Mhuir Chairib. Cumhdaíodh leis an tacaíocht freisin an chéim thosaigh d'eagrú an Fhóraim bhliantúil idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach sa Bhruiséil i mí Feabhra 2024, ar tugadh conradh le soláthraí seirbhísí i gcrích ina leith i mí na Samhna 2023. Chomh maith leis sin, roghnaíodh gníomhaireacht speisialaithe chun an chomhpháirtíocht idir na tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach a chur chun cinn trí fheachtas cumarsáide. Eisíocadh méid iomlán de EUR 0.9 milliún in 2023 faoi na Saoráidí um Chomhar Teicniúil.

Ina theannta sin, in 2023, thacaigh an tAontas Eorpach le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh trí chúnamh teicniúil chun an t-idirphlé institiúideach a eagrú leis an Aontas agus le Comhdháil Aireachta Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh a tionóladh ar imeall an Fhóraim idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach i mí Feabhra 2024 sa Bhruiséil. Mar a shonraítear thíos, lean laigí tromchúiseacha riaracháin agus institiúideacha laistigh de Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh de bhac a chur ar an idirphlé idir na tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach níos éifeachtaí agus níos líofa i rith na bliana.

### Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh

Tá an Coimisiún ag tacú go láidir le fada an lá le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh, agus aithníonn sé an ról tábhachtach atá aige i gcur chun feidhme na comhpháirtíochta idir an tAontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear. Ó 2018 ar aghaidh, ag aistriú ón tacaíocht cúnaimh theicniúuil a bhí ann roimhe seo, thosaigh an Coimisiún ag maoiniú chostais reatha Rúnaíocht Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh trí chonarthaí deontais, mar a d'iarr an Comhlachas.

Tá Comhlachas an dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh lonnaithe sa Bhruiséil faoi fhoirm dhlíthiúil eintitis phríobháidigh faoi dhlí na Beilge (eagraíocht neamhbhrabúsach). Ó 2020 i leith, bhí ar an gComhlachas aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí riaracháin inmheánacha atá ag dul i méid agus arb é an toradh a bhí orthu gur calcadh a chuntais bainc in 2022 nár díbhlocáladh go foirmiúil go dtí mí na Bealtaine 2023. Mar thoradh air sin, rinneadh pairilis ar Rúnaíocht Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch

Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh le haghaidh codanna móra de 2022 agus 2023, agus níor comhlíonadh na coinníollacha maidir le deontas nua a shíniú in 2023.

In 2023, rinne an Coimisiún iniúchadh ar na conarthaí deontais le haghaidh 2020 agus 2021 agus tarchuireadh na réamhthorthaí chuig Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh. Le haghaidh 2022, cuireadh tuarascáil fhairsing fíorúcháin caiteachais faoi bhráid an Choimisiúin. Tá comhairliúcháin ghaolmhara idir an Coimisiún agus Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh ar siúl faoi láthair.

Mhol an Coimisiún do Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh na bearta is gá a dhéanamh chun a chórais rialaithe inmheánaigh a neartú agus chun a acmhainneacht riaracháin agus a chleachtais rialachais a threisiú. Sa chomhthéacs sin, rinne Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh comhairliúchán lena chomhaltaí in 2023 agus d'ullmhaigh sé nuashonrú straitéiseach ar a Straitéis 2021-2027, inar díríodh ar ghnéithe institiúideacha agus riaracháin.

## III. IDIRPHLÉ INSTITIÚIDEACH IN 2023

Sainítear trí chás idirphlé sa Chinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn (Airteagal 14):

An Fóram idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach

Is é an Fóram bliantúil an sampla polaitiúil is airde den idirphlé idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach. Bhí eagrán 2023 beartaithe ar dtús sa ráithe dheireanach de 2023 ach cuireadh siar é go dtí mí Feabhra 2024, agus cathaoirleach rothlach Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh ag an nGraonlainn.

Comhairliúcháin thríthaobhacha /cruinnithe tríthaobhacha

In 2023, eagraíodh trí chruinniú thríthaobhacha idir an Coimisiún (cathaoirleach), ionadaithe tíortha agus críoch thar lear agus na Ballstáit a bhfuil nasc ag tíortha agus críocha thar lear leo sa Bhruiséil (i Márta, i Meitheamh, agus i nDeireadh Fómhair, iad uile i bhformáid hibrideach). Thairg siad ardán d'idirphlé beartais chun faisnéis ábhartha a mhalartú, machnamh a dhéanamh ar thopaicí tosaíochta leasa choitinn agus faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme an Chinnidh comhlachais. Thairis sin, bhí siad in ann oibriú le chéile ar smaointe maidir le conas ról na dtíortha agus na gcríoch thar lear sa straitéis Global Gateway a mhúnlú agus an t-idirphlé agus an obair ar infheistíochtaí a dhoimhniú. Pléadh staid institiúideach Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh, staid an ullmhúcháin agus an bealach chun cinn maidir le cur chun feidhme imchlúdach an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, le haghaidh comhar idir-réigiúnach, feachtas cumarsáide na dtíortha agus na gcríoch uile thar lear a ullmhú agus tionscnamh píolótach an Réigiúin is Forimeallaí maidir leis an gcultúr (Archipel) a chur i láthair. Ar deireadh, ag an gcruinniú tríthaobhach i mí Dheireadh Fómhair, bhíothas in ann tosaíochtaí coiteanna a shainaithint d'Fhóram 2024 idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach sa Bhruiséil i mí Feabhra 2024, tuairimí a mhalartú maidir leis an oiliúint atá beartaithe do thíortha agus críocha thar lear maidir lena rannpháirtíocht fheabhsaithe i gcláir chothrománacha an Aontais, agus na Ballstáit agus na críocha a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí leanúnacha faoi thionscadal Líonra Óige na dtíortha agus na gcríoch thar lear.

Meithleacha comhpháirtíochta *ad hoc*

Tá meithleacha comhphairtíochta bunaithe ar éileamh agus níor eagraíodh aon chruinniú in 2023.

Léiríodh an t- idirphlé institiúideach in 2023 mar gheall ar easpa réamhghníomhaíochta agus easpa comhordaithe Chomhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh mar gheall ar na deacrachtaí riaracháin a bhí aici.

## IV. SÚIL CHUN CINN

Tá clársceidealú leithdháiltí an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, tugtha chun críche, ach amháin an ciste neamh-leithdháilte faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, Iarscríbhinn I (féach thíos).

Tá dhá ghníomhaíocht cur chun feidhme nua beartaithe in 2024: (i) gníomhaíocht réigiúnach Mhuir Chairib maidir le slándáil bia, uisce agus bithéagsúlacht (EUR 21 mhilliún), agus (ii) forbairt shocheacnamaíoch d'Oileáin Wallis agus Futúna (EUR 20.4 milliún). Cuirfear foirmliú ghníomhaíocht réigiúnach an Aigéin Chiúin maidir le córais bhia inbhuanaithe (EUR 36 mhilliún) i gcrích in 2024 lena ghlacadh go foirmiúil go luath in 2025.

An tráth céanna, leanfaidh cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gcéad Chinneadh maidir le Comhlachas Thar Lear (an 11ú CEF), go háirithe an clár téamach Green Overseas, agus an clár réigiúnach RESEMBID go dtí go ndúnfar iad.

Tosaíocht eile do 2024 is ea leanúint den obair ar ghníomhaíochtaí a ullmhú faoin MIP idir-réigiúnacha. Cuirfear tús freisin leis an bplé maidir le conas ciste neamh-leithdháilte an Chinnidh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, a úsáid, i gcomhréir le tosaíochtaí Global Gateway agus b'fhéidir comhcheangailte le leithdháiltí réigiúnacha/idir-réigiúnacha.

Don bhliain 2024 agus amach anseo, beidh sé tábhachtach leas níos straitéisí a bhaint as an gcaidreamh den scoth idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach agus ról na dtíortha agus na gcríoch thar lear i straitéisí réigiúnacha ábhartha an Aontais a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear don Artach, don réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach agus do Mheiriceá Laidineach, agus i gComhaontú Shamó. Cé go bhfuil na cláir um chomhar críochach/déthaobhach ailínithe go maith leis an straitéis Global Gateway, tosaíocht eile de ghníomhaíocht an Aontais is ea comhpháirtíochtaí réigiúnacha níos dlúithe a rachaidh chun tairbhe do chách a chur chun cinn idir na tíortha agus críocha thar lear agus a dtíortha agus a gcríocha comharsanachta, lena n-áirítear stáit ACC agus neamh-ACC, agus na Réigiúin is Forimeallaí. Mar thosaíocht chothrománach, beidh rannpháirtíocht leanúnach na hóige ríthábhachtach dár gcomhpháirtíocht freisin.

Feachtas cumarsáide a seoladh in 2023, cuirfidh sé tuilleadh feabhais ar an bhfeasacht agus cruthóidh sé dearcadh dearfach i measc an phobail maidir leis an gcomhpháirtíocht idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach. Comhlánófar é sin le gníomhaíochtaí oiliúna tiomnaithe chun na hacmhainneachtaí sna tíortha agus críocha thar lear a chothú le haghaidh a rannpháirtíochta méadaithe i gcláir chothrománacha an Aontais.

Rachaidh an Coimisiún i dteagmháil a thuilleadh le Comhlachas na dTíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear faoi chuimsiú comhairliúcháin thríthaobhacha, maidir leis an obair leantach ar iniúchtaí agus fíoruithe caiteachais dheontais 2020, 2021 agus 2022. Ag an am céanna, forbrófar scéimeanna tiomnaithe cúnaimh theicniúil chun tacú le Comhlachas na dtíortha agus na gCríoch Thar Lear de chuid an Aontais Eorpaigh ina iarrachtaí athchóirithe agus ina ghníomhaíochtaí reachtúla.

Leis an gcéad Fhóram eile idir tíortha agus críocha thar lear agus an tAontas Eorpach, a reáchtálfar in Arúba in 2025, beifear in ann breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhair airgeadais faoin gCinneadh maidir le Comhlachú Thar Lear, lena n-áirítear an Ghraonlainn, chun téamaí leasa choitinn a phlé agus chun an chomhpháirtíocht idir an tAontas Eorpach agus tíortha agus críocha thar lear a threorú go straitéiseach.